


## Grinnfhiosrú

### Ciontú

De bhun alt 258 d'Acht na Leanaí 2001, ní gá do dhuine a ciontaíodh i gcion coiriúil agus é nó í faoi bhun 18 mbliana d'aois, ar cion é nach gceanglaítear a thriail sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, an ciontú sin a nochtadh, ar choinníoll nach ndéanann sé nó sí aon chion eile laistigh de thréimhse trí bliana agus go bhfuil na coinníollacha uile a bhaineann lena phianbhreith nó lena pianbhreith comhlíonta aige nó aici. Sna cúinsí sin, féadfar a mheas go bhfuil taifead an chiontaithe sin scriosta.

### Rabhadh

Trí dhuine óg a ghlacadh isteach sa Chlár Athstiúrtha agus rabhadh a thabhairt dó nó di faoin gClár, tugtar deis dó nó di ciontú coiriúil a sheachaint. Ní ciontú coiriúil é rabhadh agus ní thaifeadtar mar chiontú coiriúil é. Dá bhrí sin, féadfar a mheas nach bhfuil aon taifead ar chiontuithe ag faighteoir an rabhaidh. Níl aon oibleagáid ar fhaighteoir an rabhaidh a nochtadh gur tugadh rabhadh dó nó di.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Garda Síochána taifead a choinneáil ar an rabhadh a tugadh. Tá sé sin ag teacht lena oibleagáidí faoi alt 55 agus faoi Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986.

Ní nochtfar do thríú páirtí gur tugadh rabhadh do dhuine ach amháin i gcás ina n-eascraíonn dualgas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nó faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

Forchuireann na píosaí reachtaíochta seo dualgas ar an nGarda Síochána nochtaí áirithe a dhéanamh i gcás ina bhfuil baol díobhála ann do leanbh nó do dhuine soghonta.

Má chinntear go bhféadfadh faighteoir an rabhaidh, de thoradh an chiona ba chúis leis an rabhadh, a bheith ina bhaol do leanbh nó do dhuine soghonta, beidh coimircí i bhfeidhm maidir leis na nochtaí a dhéanfar, más ann dóibh.

Tá faighteoir an rabhaidh i dteideal ceart freagartha agus nósanna imeachta córa maidir le nochtaí do thríú páirtithe.


**Tuilleadh Eolais:**

Tá sonraí faoin gClár Athstiúrtha ar fáil ag:

- **Irishstatutebook.ie, Cuid 4, Acht na Leanaí 2001**
- **www.citizensinformation.ie**
- **www.garda.ie**

**An Garda Síochána**

Ag Coinneáil Daoine Sábháilte - Keeping People Safe



# An Clár Athstiúrtha

Is é an tOifigeach Idirchaidrimh don Óige atá ag plé leis an gcás seo:

__________________________

Sonraí Teagmhála:

__________________________




## Clár Náisiúnta Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána

Nuair atá duine faoi bhun 18 mbliana d'aois freagrach as cion coiriúil, is féidir déileáil leis an gcás ar cheann amháin de dhá bhealach. Is féidir an méid seo a leanas a dhéanamh i leith an duine óig:

1. Rabhadh a thabhairt dó nó di
2. É nó í a ionchúiseamh os comhair na gcúirteanna

Sula n-ionchúiseofar aon duine óg os comhair na gcúirteanna, ní mór é nó í a bhreithniú ar dtús le haghaidh rabhaidh faoin gClár Athstiúrtha mar mhalairt ar phróiseas na cúirte. Is éard is rabhadh ann foláireamh ó Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) de chuid an Gharda Síochána, agus bíonn plé faoin gcion mar chuid de.

Feidhmíonn an Clár Athstiúrtha faoin reachtaíocht a leagtar amach in Acht na Leanaí 2001. Is é Ceannfort den Gharda Síochána i mBiúró Náisiúnta Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (ar a dtugtar Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha) a dhéanann an cinneadh rabhadh a thabhairt nó ionchúiseamh a thionscnamh.

## Glacadh isteach sa Chlár Athstiúrtha

Sular féidir a mheas go bhfuil duine óg oiriúnach lena ghlacadh isteach sa Chlár Athstiúrtha, ní mór critéir áirithe a chomhlíonadh.

**Ní mór don duine óg:**

- Freagracht a ghlacadh as an iompar goilliúnach
- Aontú glacadh le rabhadh
- I gcás inarb iomchuí, aontú leis na téarmaí maoirseachta atá leagtha amach ag an JLO

## Cén chaoi a n-oibríonn an próiseas?

Rachaidh JLO áitiúil i dteagmháil leis an duine óg agus buailfidh sé nó sí leis chun an t-iompar goilliúnach a phlé. D'fhéadfadh an cruinniú seo a bheith ar siúl i dteach an duine óig nó i stáisiún an Gharda Síochána.

Ní mór don duine óg agus do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) an duine óig a bheith i láthair.

Is é is cuspóir don rabhadh deis a thabhairt don duine óg cuntas a thabhairt ar a iompar goilliúnach agus deis a thabhairt dó nó di dul i mbun oibre leis an JLO chun plean a cheapadh a chuirfidh ar a chumas nó ar a cumas tuilleadh cionta a sheachaint.

Is é JLO, Cigire den Gharda Síochána nó Ceannfort den Gharda Síochána a thabharfaidh an rabhadh.

## Cinneadh maidir le hoiriúnacht duine óig don Chlár

Agus a chinneadh á dhéanamh, breithneoidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas:

1. **Cineál an chiona**
2. **Tuairimí an íospartaigh (cuirtear na tuairimí san áireamh, ach ní gá toiliú an íospartaigh chun an duine óg a ghlacadh isteach sa Chlár)**
3. **Ar gabhadh leithscéal**
4. **An féidir rud éigin a dhéanamh chun aon dochar a rinneadh a chur ina cheart**
5. **Leas na sochaí**
6. **Tuairimí an Gharda atá i mbun an imscrúdaithe**
7. **Tuairimí an JLO**
8. **Dearcadh an duine óig i leith an chiona agus an Chláir Athstiúrtha**
9. **An bhaint a bhí ag an duine óg leis an gClár roimhe seo**

## Cad is maoirseacht ann?

Má thugtar rabhadh do dhuine óg, féadfar é nó í a chur faoi mhaoirseacht an JLO ar feadh tréimhse 12 mhí.

Cinnfidh an JLO cineál na maoirseachta agus beidh sé éagsúil ó chás go cás. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an duine óg aontú freastal ar thionscadal áitiúil athstiúrtha óige, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe ar mhaithe leis an tsochaí nó dul i dteagmháil le gníomhaireacht ar bith a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar a iompar.

## Ceartas Aisiríoch

I gcásanna áirithe, má ghlacann an duine óg freagracht air nó uirthi féin, féadfar deis a thabhairt d'íospartach coire a bheith i láthair nó ionadaíocht a dhéanamh ar a thuairimí le linn an rabhaidh. Tugann sé sin deis don íospartach a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl agus tionchar iomlán an chiona a mhíniú. Tugann sé deis don duine óg freisin leithscéal a ghabháil go díreach leis an íospartach agus, nuair is iomchuí, gníomh dearfach a dhéanamh chun an dochar a rinneadh a chur ina cheart.

## Ceisteanna Coitianta

**C. Cad is Oifigeach Idirchaidrimh don Óige ann?**

F. Is ball den Gharda Síochána atá oilte go speisialta é Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO), a oibríonn le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a tháinig i dteagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil mar gheall ar a n-iompar goilliúnach.

**C. Conas a gheobhaidh mé amach cé hé nó cé hí an JLO áitiúil?**

F. Féadfaidh tú dul i dteagmháil le stáisiún áitiúil an Gharda Síochána, agus cuirfear in iúl duit cé hé nó cé hí an JLO áitiúil.

**C. Cad a tharlóidh mura n-aontaím a bheith páirteach sa Chlár Athstiúrtha?**

F. Cuirfear an cás faoi bhráid an Cheannfoirt den Gharda Síochána atá i mbun maoirseachta ar an imscrúdú ar an gcion líomhnaithe, agus breithneoidh an Ceannfort ansin ionchúiseamh a thionscnamh i do choinne os comhair na gcúirteanna.

**C. An féidir mé a chúiseamh agus a thabhairt os comhair cúirte i leith mo chéad chiona?**

F. Is féidir, má chinneann Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha nach bhfuil tú oiriúnach chun rabhadh a fháil.

**C. An féidir liom níos mó ná rabhadh amháin a fháil?**

F. Is féidir, má mheasann an Stiúrthóir gur cuí sin.